C/2024/2259

19.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11445 – CARLYLE / GTCR / RESONETICS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2259)

1. An 12 Márta 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— The Carlyle Group, Inc. ('Carlyle', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— GTCR LLC ('GTCR', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Regatta Laser Holdings, LLC ('Resonetics HoldCo', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú deiridh GTCR. Is cuideachta sealbhaíochta Resonetics LLC agus Resonetics Swiss Holdings GmbH, mar aon lena bhfochuideachtaí ('Resonetics', Stáit Aontaithe Mheiriceá) é Regatta Laser Holdings, LLC.

Gheobhaidh Carlyle agus GTCR rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Resonetics.

Baintear an comhchruinniú amach trí mhodhanna conarthacha.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Carlyle a bhainistíonn cistí lena ndéantar infheistíocht go domhanda sna trí smacht infheistíochta seo a leanas: (i) Cothromas Príobháideach Domhanda (lena n-áirítear cothromas príobháideach corparáideach, réadmhaoin agus cistí acmhainní nádúrtha); (ii) Creidmheas Domhanda (lena n-áirítear creidmheas leachtach, creidmheas neamhleachtach agus creidmheas sócmhainní réadacha); agus (iii) Réitigh Infheistíochta (clár ciste cistí cothromais phríobháidigh, lena n-áirítear ciste príomha, gníomhaíochtaí comh-infheistíochta tánaisteacha agus gaolmhara),

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é GTCR atá dírithe ar infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí fáis sna tionscail Seirbhísí Airgeadais & Teicneolaíochta, Cúram Sláinte, Teicneolaíocht, Meáin & Teileachumarsáide agus Seirbhísí Gnó,

— Is eagraíocht neamhspleách forbartha agus monaraíochta i réimse na teicneolaíochta leighis (CDMO) é Resonetics a dhéanann speisialtóireacht i micreamhonaraíocht casta comhpháirteanna ardinnealtóireachta, ionchlannán, fochóimeálacha, agus feistí críochnaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11445 – CARLYLE / GTCR / RESONETICS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË